Anso is ansúd i gCorca Dhuibhne

Éile Rua An Chéad Seilchí le Gabrielle Ní Mheachair Foilsithe ag Cois Life



Léirmheas le Muiris Ó Loingsigh a bhuaigh Aistí Léirmheastóireachta 2014 – Pobalscoil Chorca Dhuibhne

An leabhar a léigh mé ná 'Éile Rua' Is leabhar ana-mhaith é. Is mar gheall ar chailín a chonaíonn ar oileán beag lena hathair Neid agsu a mháthair Bríd an leabhar. Éile Rua is ainm di. Ceapaim gur ainm deas ceolmhar é.

Is breá le Éile Rua an fharraige. Is iascaire é an t-athair agus is feirmeoir an mháthair. Bíonn an t-athair ag dul amach ar an mbád go minic. Téann Éile ina theannta i gcónaí. Ní chun cabhair a thabhairt dó á théann sí ina theannta, ach chun a cara a fheicsint. Rón is ea an cara!

Rónán an Rón a ghlaonn sí air. Is é Rónán an t-aon chara amháin atá aici! Tá sé ana-chliste agus ana-chairdiúil.

Scéal ana-dheas é an scéal seo agus tá sé beagán greannmhar chomh maith! Timpeall leath slí tríd an leabhar faigheann sé beagáinín brónach, ach de réir mar a leanann tú ar aghaidh leis an scéal faigheann sé níos fearr agus níos fearr!

Bhíos ana-shásta le críoch an scéil – bhí sé sásta agus greannmhar! Thabharfainn 9 as 10 don leabhar seo agus mholfainn é do mo chairde go léir!

Buíochas le **Ealaín na Gaeltachta** a mhaíonaíonn an Scéim Scríbhneoir Cónaitheach i bPobalscoil Chorca Dhuibhne agus le **Foras na Gaeilge** as na duaiseanna

****

Mic léinn ó Ollscoil Missoula, Montana a chaith trí seachtaine ag foghlaim na Gaelainne i mBaile an Fheirtéaraigh le déanaí. Seo an tríú bliain as a chéile do mhic léinn ón Ollscoil a theacht ar chúrsa Gaeilge ag Oidhreacht Corca Dhuibhne. Gabhaimid buíochas leis na mic léinn agus leis an Dr. Traolach Ó Ríordáin a dheineann an turas bliantúil a reáchtáil.

Ó chlé: Hal Day, Kimberly Randall, Bruce Kenny, Erin O'Meagher, Ceara Nicholson, Bruce Kenny, Hanna Ziegler, Richard Newman.

****

TÚS MAITH: Campa smahraidh á rith ag **Óige na Gaeltachta 21-25 Iúil**. Aois ghrúpa **4-12**bl d'aois. Breis eolas ó Dhebra **087 9745730**

Campa Caide na Gaeltachta do aois ghrúpa **5-15 bl d'aois 14-18 Iúil.** Breis eolas ó Pháidí **086 8091210**

****

Fáilte chuig cúinne **Aingeal an Aistriúcháin!** Fáilteoidh Aingeal roimh aon cheisteanna

gramadaí/cruinnis atá agat! Is féidir teacht uirthi ag aistrighe@gmail.com **(Uasmhéid 50 focal)**
****

Ionad Seirbhísí Teanga: Maidin Chaife: Gach Aoine 11.30am leis na Fiagaithe focal! Buail isteach!
****

Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne
Oidhreacht Chorca Dhuibhne
066 9156100 nó eolas@cfcd.ie

www.oidhreacht.ie / www.cfcd.ie